2022.M7C

2022L001A1IC

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta

# Gaeilge

## Páipéar 1
## (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

## Ardleibhéal

## 2 uair 20 nóiméad

160 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú seo sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí **le peann i ndúch gorm nó dubh**. **Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid.**

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** chuid sa scrúdú seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | An Chluastuiscint | **60 marc** |
| Cuid II | An Cheapadóireacht | **100 marc** |

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

Freagair gach cuid – A, B, C – sa fhreagarleabhar seo. Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

## Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**FÓGRA A hAON**

**1.** **(a)** Cén iris a chuir amach an fógra seo?

| |
|---|
| |

**(b)** Luaigh **dhá** rud faoin ngearrscéal a bheidh le scríobh ag scoláirí le cur isteach ar an gcomórtas.

| |
|---|
| (i) |
| (ii) |

**2.** Cén bhaint a bheidh ag Gael Linn leis an gcomórtas?

| |
|---|
| |

**3.** Cad é an dáta deireanach le haghaidh na n-iontrálacha?

| |
|---|
| |

**FÓGRA A DÓ**

**1.** **(a)** Cén t-ainm a bheidh ar an gclár nua ar Raidió na Life?

| |
|---|
| |

**(b)** Cén grúpa daoine a mbeidh an clár nua seo dírithe orthu?

| |
|---|
| |
| |

**2.** Luaigh **dhá** rud a phléifear nuair a thiocfaidh aíonna speisialta isteach sa stiúideo.

| |
|---|
| (i) |
| (ii) |

## Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**COMHRÁ A hAON**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén fáth a mothaíonn Seán tuirseach?

| |
|---|
| |

**2.** Luaigh **dhá** rud a rinne Áine san Idirbhliain.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**3.** Scríobh síos deis **amháin** a fuair Seán ar an meánscoil.

| |
|---|
| |
| |

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin gcéad rogha atá ag Seán ar fhoirm an CAO.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**2.** Cad a bheidh Áine ag iarraidh a fháil don samhradh?

| |
|---|
| |

## COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén uair a fuair Eoin a rothar?

| |
|---|
| |

**2.** Scríobh síos pointe **amháin** eolais faoin gclub rothaíochta i mBaile an Róba.

| |
|---|
| |

**3.** Cén tairbhe a bhaineann Eoin as an rothaíocht? (Is leor pointe **amháin** eolais.)

| |
|---|
| |
| |

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos cúis **amháin** a dtaitníonn an galf go mór le Síle.

| |
|---|
| |

**2.** Tabhair **dhá** chúis a bhfuil sé deacair cailíní óga a mhealladh chun galf a imirt, dar le Síle.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**3.** Luaigh cúis **amháin** ar mhaith le Síle scoláireacht ghailf a fháil chuig ollscoil sna Stáit Aontaithe.

| |
|---|
| |

## Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

### PÍOSA A hAON

**1.** Scríobh síos athrú **amháin** atá tagtha ar aimsir an gheimhridh sa tír seo le blianta beaga anuas.

| |
|---|
| |

**2.** Cad a tharlaíonn nuair a dhóitear breoslaí iontaise?

| |
|---|
| |
| |

**3.** Scríobh síos moladh **amháin** atá déanta ag an rialtas chun an t-ardú ar theocht an domhain a choimeád faoi smacht.

| |
|---|
| |
| |

### PÍOSA A DÓ

**1.** Cén oifig atá ag Joe Biden ó bhí mí Eanáir 2021 ann?

| |
|---|
| |
| |

**2.** Tabhair **dhá** dhúshlán atá le sárú ag an tír, dar le Joe Biden.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**3.** Cén bhaint atá ag Joe Biden leis an tír seo?

| |
|---|
| |
| |

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B nó C*** anseo thíos.
**Treoracha:** Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.
Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.
Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

| A | AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE | 100 marc |
|---|---|---|

Scríobh AISTE **nó** ALT NUACHTÁIN / IRISE ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(a) Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hÉirinn mar ionad saoire.

(b) An tábhacht a bhaineann le spórt i saol an lae inniu.

(c) Fadhbanna idirnáisiúnta.

(d) An cineál saoil a bhíonn ag daoine óga sa lá atá inniu ann.

(e) Na meáin Ghaeilge i saol an lae inniu.

| B | SCÉAL | 100 marc |
|---|---|---|

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha ceann **amháin** díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Éad.

(b) Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin.

| C | DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha ceann **amháin** díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Tá rialtais an domhain ag dul i ngleic go héifeachtach leis an athrú aeráide.*

(b) Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo a leanas:

*Tábhacht an cheoil i saol daoine.*

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gaeilge – Páipéar 1
# (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

2 uair 20 nóiméad